

Tábhacht na siopadóireachta (*the importance of shopping*) | Sample Answer

JC Irish 2018 Aiste (i)

Tábhacht na siopadóireachta (*the importance of shopping*)

Is rud an-tábhachtach é an tsiopadóireacht sa saol go ginearálta. Is rud **riachtanach** (*essential*) agus **taitneamhach** (*enjoyable*) é. **Caithfidh tú** (*you have to*) dul ag siopadóireacht chun bia a fháil, éadaí a cheannach, seirbhísí a fháil ar nós gruaigaire agus mar sin de. Chomh maith leis sin, is féidir siopadóireacht a dhéanamh **gan an teach a fhágáil** (*without leaving the house*) má dhéanann tú siopadóireacht **ar líne** (*online*). Is féidir le gach **aois-ghrúpa** (*age group*) siopadóireacht a dhéanamh agus ní chaithfidh tú a bheith **saibhir** (*wealthy*) - **muna bhfuil aon airgead agat** (*if you don't have any money*), is féidir leat **siopadóireacht fuinneoige** (*window shop*) a dhéanamh!

Dhá phointe dhearfacha (*two positive points*)

Tá siopadóireacht thar a bheith **sóisialta** (*sociable*). Is féidir leat dul ag siopadóireacht le do chairde nó le do chlann. **Tugann sé deis duit** (*it gives you a chance*) a bheith ag caint le daoine nuair atá tú ag siopadóireacht - na daoine in éineacht leat, na daoine ag siúl thart an ionad siopadóireachta agus na daoine ag obair sna siopa. Tá sé go maith do do **mheabhairshláinte** (*mental health*) a bheith ag labhairt le daoine.

Is rud an-taitneamhach é an tsiopadóireacht. Má tá tú san ollmhargadh, bíonn deis agat bia deas a cheannach agus **cómhábhar** (*ingredients*) a cheannach chun béile blasta nó **milseog** (*dessert*) a ullmhú. Má tá tú san ionad siopadóireachta sna siopaí éadaí, feicfidh tú go leor stíl agus faisean agus taitníonn sé le gach duine éadaí nua a fháil agus a chaitheamh!

Dhá phointe dhiúltacha (*two negative points*)

Is féidir le siopadóireacht a bheith an-**strusmhar** (*stressful*). Mar shampla, ar an Satharn, déanann a lán daoine a gcuid siopadóireachta agus bíonn na siopaí **gnóthach** (*busy*), le **scuaine mór go dtí an scipéad** (*a big queue to the till*). Bíonn sé frustasach nuair a théann tú isteach sa siopa chun rud a cheannach agus níl sé i stoc chomh maith.

Chun rudaí a cheannach, caithfidh tú airgead a chaitheamh, agus is minic go dtéann muid isteach sa siopa i gcomhair rud amháin agus tagann muid amach le cúig rud - **tobcheannach** (*impulse buying*) an t-ainm atá air seo. Is **cur amú airgead** (*waste of money*) é mar go minic, ní theastaíonn na rudaí breise seo uainn ar chor ar bith.

Moladh amháin do dhaoine (*a recommendation for people*)

Molaim (*I recommend*) do dhaoine **tobcheannach a sheachaint** (*avoid impulse buying*) - chun é seo a dhéanamh ba chóir duit liosta a bheith agat **leis na rudaí a theastaíonn uait** (*with the things you need*) **agus cloígh leis!** (*and stick to it!*)